AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.11.2023
COM(2023) 704 final

2023/0402 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 lena n-údaraítear don Ríocht Aontaithe beart speisialta a chur i bhfeidhm i ndáil le Tuaisceart Éireann de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an údarú

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (dá ngairtear 'an Treoir maidir le CBL'[1] anseo feasta), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach an 31 Eanáir 2020. I gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar[2], is tríú tír anois an Ríocht Aontaithe i dtaca leis an Aontas.

Ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann, níl feidhm a thuilleadh ag reachtaíocht CBL an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe. Mar sin féin, ar bhonn an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann[3] (an 'Prótacal' anseo feasta), ar cuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é, tá Tuaisceart Éireann fós faoi reachtaíocht CBL an Aontais maidir le hearraí d'fhonn teorainn chrua idir Éire agus Tuaisceart Éireann a sheachaint. I gcás seirbhísí, ar an taobh eile, caitear le Tuaisceart Éireann, mar aon leis an gcuid eile den Ríocht Aontaithe, mar thríú tír.

Dar ndóigh, is é an toradh atá air sin córas CBL measctha nó déach i dTuaisceart Éireann ina bhfuil soláthairtí, éadálacha agus allmhairithe earraí laistigh den Chomhphobal atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann, de réir na rialacha maidir le suíomh idirbheart inchánach a leagtar síos i dTeideal V den Treoir maidir CBL, córas ina bhfuil na soláthairtí agus na hearraí sin faoi réir rialacha comhchuibhithe an Aontais agus san am céanna, nach bhfuil soláthairtí seirbhísí a dhéantar sa chríoch sin faoi réir chóras CBL an Aontais.

Dá bhrí sin, chun leanúint de scéim speisialta CBL a chur i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann, lena bhforáiltear do bhearta ar ráta comhréidh i ndáil le cáin bhreisluacha neamh-inasbhainte a ghearrtar ar chaiteachas breosla ar charranna cuideachta, scéim a imíonn ó na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Treoir maidir le CBL, tá gá le maolú a dheonú de bhun Airteagal 395(1) den Treoir maidir le CBL.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 13 Iúil 2023, d'iarr an Ríocht Aontaithe údarú chun leanúint de bheart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 den Treoir maidir le CBL. I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit uile seachas an Chipir ar an eolas le litir dar dáta an 7 Lúnasa 2023 maidir leis an iarraidh a rinne an Ríocht Aontaithe. Cuireadh an Chipir ar an eolas le litir dar dáta an 8 Lúnasa 2023. An lá céanna, an 8 Lúnasa 2023, thug an Coimisiún fógra don Ríocht Aontaithe go raibh an fhaisnéis uile aige a mheas sé a bheith riachtanach chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Foráiltear le hAirteagal 168 den Treoir maidir le CBL go bhfuil duine inchánach i dteideal asbhaint a dhéanamh ar CBL a mhuirearaítear ar cheannacháin a dhéantar chun críocha a n-idirbheart cáinmhuirearaithe. Ceanglaítear le hAirteagal 16 den Treoir chéanna gur féinsoláthar earraí atá i gceist nuair a dhéanann duine inchánach earraí atá mar chuid dá

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

[2] Comhaontú ón gComhairle maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 1).

[3] IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 92.

shócmhainní gnó a atreorú chuig úsáid phríobháideach nó úsáid a fhoirne i gcás ina raibh CBL ar na hearraí sin nó ar na comhpháirteanna díobh in-asbhainte go hiomlán nó go páirteach.

I gcás carranna cuideachta, a úsáidtear go páirteach chun críoch príobháideach (neamhghnó), is minic a bhíonn sé deacair caiteachas a bhaineann le húsáid phríobháideach a ríomh agus cáin a ghearradh air faoi na rialacha thuasluaite.

Sa chomhthéacs sin, d'oibrigh an Ríocht Aontaithe scéim speisialta a údaraíodh le Cinneadh 86/356/CEE ón gComhairle an 21 Iúil 1986 lena n-údaraítear bearta ar ráta comhréidh a chur i bhfeidhm maidir le CBL neamh-inasbhainte a mhuirearaítear ar chaiteachas breosla ar charranna cuideachta[4], a bhí bunaithe ar thoilleadh innill agus ar chineál breosla an chairr. Ar bhonn an Phrótacail, leanfaidh reachtaíocht CBL an Aontais de bheith infheidhme i dTuaisceart Éireann maidir le soláthar earraí. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 ón gComhairle[5], údaraíodh don Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE, a rachaidh in éag an 31 Nollaig 2023.

Chuir an Ríocht Aontaithe míniú ar fheidhmiú na scéime speisialta ar áireamh ina hiarraidh. Comhcheanglaíonn an scéim seo gnéithe éagsúla chun an muirear ar úsáid phríobháideach a bhfuil CBL dlite ina leith a ríomh. Is iad na gnéithe sin an t-ídiú breosla in aghaidh an chiliméadair, a ríomhtar bunaithe ar rátálacha astaíochtaí CO_2, an meán-mhíleáiste príobháideach a chinntear ar bhonn sonraí ó Shuirbhé Náisiúnta Taistil na Roinne Iompair agus praghas miondíola breosla bóthair.

Tá an scéim speisialta roghnach do dhaoine inchánach a fhéadfaidh rogha a dhéanamh gan CBL a aisghabháil ar a mbreosla nó é a aisghabháil de réir modh ríofa cionroinnte bunaithe ar thaifid mhionsonraithe míleáiste.

De réir na Ríochta Aontaithe, tá sé léirithe go bhfuil an scéim seo cruinn agus rinneadh simpliú suntasach mar thoradh air, le haghaidh na ngnólachtaí agus an riaracháin cánach araon. Cuireann an Ríocht Aontaithe in iúl freisin go dtugann sí deimhneacht dhlíthiúil do dhaoine inchánach trí mhodh simplithe a sholáthar ar féidir é a úsáid chun cuntas a thabhairt ar CBL ar úsáid phríobháideach breosla agus go bhfuil sé i gcomhréir leis na rialacha ginearálta maidir le hasbhaint mar a leagtar síos sa Treoir maidir le CBL.

Ar an mbonn sin, d'iarr an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann go n-údarófaí di leanúint den mhaolú a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024. Ba cheart an maolú a bheith teoranta ó thaobh ama de go dtí an 31 Nollaig 2026, ionas gur féidir a mheas an léiriú ceart fós é an scéim speisialta ar an gcionroinnt fhoriomlán idir úsáid ghnó agus úsáid phríobháideach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais**

Sonraítear in Airteagal 176 den Treoir maidir le CBL go gcinnfidh an Chomhairle an caiteachas nach bhfuil CBL in-asbhainte ina leith. Go dtí sin, údaraítear do na Ballstáit eisiaimh a bhí i bhfeidhm faoi dhlíthe náisiúnta an 1 Eanáir 1979 a choinneáil ar bun. Mar sin tá roinnt forálacha 'neamhghníomhaíochta' a chuireann srian leis an gceart chun asbhaint a dhéanamh i ndáil le carranna paisinéirí.

[4] IO L 212, 2.8.1986, lch. 35.
[5] IO L 103, 24.3.2021, lgh. 4-5.

D'ainneoin tionscnaimh roimhe seo chun rialacha a bhunú maidir leis na catagóirí caiteachais a d'fhéadfadh a bheith faoi réir srian ar an gceart chun asbhaint a dhéanamh[6], is iomchuí scéim speisialta den sórt sin le linn a bheith ag fanacht ar chomhchuibhiú na rialacha sin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise fhoráil na Treorach maidir le CBL ar a bhfuil sé bunaithe, urramaítear prionsabal na coimhdeachta ar leibhéal na Treorach maidir le CBL.

- **Comhréireacht**

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú don Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann ar iarraidh uaithi féin agus níl aon oibleagáid ann.

I bhfianaise raon feidhme teoranta na scéime speisialta, tá sé comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. oibleagáidí CBL agus bailiú CBL a shimpliú. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun oibleagáidí CBL agus bailiú CBL a shimpliú in earnáil ar leith. Tá an scéim roghnach i gcónaí do dhaoine inchánach.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim atá beartaithe.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar rialacha coiteanna CBL ach amháin i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir í a dhíriú chuig Ballstát aonair.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara. Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus ní bhaineann sé ach le Tuaisceart Éireann.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

[6] COM (2004) 728 final - Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 77/388/CEE d'fhonn oibleagáidí cánach breisluacha a shimpliú (IO C 24, 29.1.2005, lch. 10) a tarraingíodh siar an 21 Bealtaine 2014 (IO C 153 21. 05. 2014, lch. 3)

- **Measúnú tionchair**

Is é is aidhm don Chinneadh atá beartaithe simpliú a dhéanamh ar bhailiú CBL agus ar oibleagáidí CBL maidir le caiteachas breosla ar charranna cuideachta a úsáidtear go páirteach chun críoch nach críocha gnó iad agus dá bhrí sin d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith aige.

Maidir le daoine inchánach, a roghnódh an córas seo, laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin agus na costais chomhlíonta trí dheireadh a chur leis an ngá le taifid mhionsonraithe míleáiste a choinneáil ar gach carr cuideachta chun críocha CBL. Is dócha go mbeidh na ceanglais sin maidir le taifid a choinneáil am-íditheach agus is minic a mbíonn ualaí suntasacha riaracháin ag baint leo le haghaidh méideanna measartha beag cánach. Tugtar le fios go seachnaítear leis an rogha seo, a bhuí leis an simpliú a chuirtear ar fáil leis, na deacrachtaí a bheadh ann dá mbeadh gnólachtaí ag diúltú dá gceart CBL a aisghabháil ar bhreosla a úsáidtear chun críoch gnó. Cuireadh in iúl freisin go dtugann an beart speisialta deimhneacht dhlíthiúil do dhaoine inchánach.

Laghdaíonn modh an tsimplithe freisin na hualaí atá ar na húdaráis chánach, lena gceanglófaí orthu iniúchadh a dhéanamh ar roinnt mhaith cásanna aonair murach sin.

Mar sin féin, mar gheall ar raon feidhme cúng an mhaolaithe agus ar an teorainn ama ar a chur i bhfeidhm, beidh an tionchar teoranta in aon chás.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon drochthionchar ag an mbeart ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 8 den Phrótacal, nach gcuirfear ioncam a thagann as idirbhearta ar aghaidh chuig an Aontas, ioncam as idirbhearta atá inchánach i dTuaisceart Éireann.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá clásal éagtha sa togra; teorainn ama uathoibríoch atá socraithe ag an 31 Nollaig 2026.

2023/0402 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 lena n-údaraítear don Ríocht Aontaithe beart speisialta a chur i bhfeidhm i ndáil le Tuaisceart Éireann de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an údarú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 ón gComhairle[2], údaraíodh don Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2023 de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE chun an cion CBL a bhaineann le caiteachas ar bhreosla a úsáidtear chun críoch príobháideach i gcarranna gnó a shocrú ar bhonn ráta comhréidh (‘an beart speisialta’).

(2) Foráiltear le hAirteagal 168 de Threoir 2006/112/CE go bhfuil duine inchánach i dteideal asbhaint a dhéanamh ar CBL a mhuirearaítear ar cheannacháin a dhéantar chun críocha idirbhearta cáinmhuirearaithe an duine. Mar sin féin, le hAirteagal 16 den Treoir sin, ceanglaítear go gcaithfear le cur i bhfeidhm earraí ag daoine inchánach, ar earraí iad atá mar chuid dá sócmhainní gnó dá n-úsáid phríobháideach nó d’úsáid a bhfoirne, mar sholáthar earraí ar chomaoin, i gcás ina raibh CBL ar na hearraí sin nó ar na comhpháirteanna díobh in-asbhainte go hiomlán nó go páirteach. Leis an gcóras sin is féidir CBL a asbhaineadh ar dtús a aisghabháil i ndáil leis an úsáid phríobháideach.

(3) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 13 Iúil 2023, d’iarr an Ríocht Aontaithe údarú chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm, i ndáil le Tuaisceart Éireann, tar éis an 31 Nollaig 2023.

(4) De bhun Airteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, le litreacha dar dáta an 7 Lúnasa 2023, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a chuir an Ríocht Aontaithe isteach chuig na Ballstáit seachas an Chipir, a cuireadh ar an eolas le litir dar dáta an 8 Lúnasa 2023. Le litir dar dáta an 8 Lúnasa 2023, thug an Coimisiún fógra don Ríocht Aontaithe go raibh an fhaisnéis uile ba ghá aige chun an iarraidh a bhreithniú.

(5) De réir na faisnéise a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil ina hiarraidh, níor tháinig aon athrú ar an staid fhíorasach a thug údar maith leis an mbeart speisialta a chur i bhfeidhm. Thairis sin, léirítear le míniú ar fheidhmiú an bhirt speisialta a áirítear san

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.
[2] IO L 103, 24.3.2021, lch. 4.

iarraidh uaithi go bhfuil an beart speisialta éifeachtach ó thaobh simpliú a dhéanamh, le haghaidh daoine inchánach agus an riaracháin cánach araon, ar an nós imeachta chun CBL a bhailiú i ndáil le caiteachas ar bhreosla ar charranna gnó a úsáidtear go páirteach chun críoch príobháideach.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an údarú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512. Ba cheart teorainn ama a chur leis an síneadh ar an údarú ionas go bhféadfaidh an Ríocht Aontaithe faireachán cuí a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an cion CBL, arna shocrú ar bhonn ráta comhréidh, fós ag teacht leis an gcaiteachas ar bhreosla ar charranna gnó a úsáidtear chun críoch príobháideach. Ba cheart, dá bhrí sin, go rachadh údarú an bhirt speisialta in éag an 31 Nollaig 2026.

(7) I gcás ina n-iarrfaidh an Ríocht Aontaithe síneadh breise a chur leis an mbeart speisialta tar éis an 31 Nollaig 2026, ba cheart di tuarascáil a chur leis an iarraidh sin chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta 2026.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 8, an dara mír, den Phrótacal, maidir le hioncaim a eascraíonn as idirbhearta atá inchánach i dTuaisceart Éireann, níl siad le cur ar aghaidh chuig an Aontas. Dá bhrí sin, ní bheidh aon drochthionchar ag an mbeart maolaithe ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 ón gComhairle a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512:

‘*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE, údaraítear don Ríocht Aontaithe, ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2026, an cion CBL a bhaineann le caiteachas ar bhreosla a úsáidtear chun críoch príobháideach i gcarranna gnó a shocrú i ndáil le Tuaisceart Éireann ar bhonn ráta comhréidh.

Cuirfear aon iarraidh ar shíneadh a chur leis an mbeart dá bhforáiltear sa Chinneadh seo faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2026 agus beidh tuarascáil ag gabháil léi ina bhfíorófar éifeachtacht an bhirt speisialta, chomh maith le baint amach na gcuspóirí. Áireofar sa tuarascáil athbhreithniú ar an gcion CBL i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil sé fós ag teacht leis an gcaiteachas ar bhreosla ar charranna gnó a úsáidtear chun críoch príobháideach.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, i ndáil le Tuaisceart Éireann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán